# Staitisticí ar Chabhair le Ceannach (CLC) 2018

Tá na staitisticí san eisiúint seo bunaithe ar anailís a rinneadh ar iarratais agus éilimh ar Chabhair le Ceannach (CLC) in 2018 de réir 18 Nollaig 2024.

Ba chóir caitheamh leis na staitisticí seo mar staitisticí sealadacha agus féadfaidh sé go ndéanfar athbhreithniú orthu.
Soláthraítear nuashonruithe go rialta ar leathanach idirlín staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim: https://www.revenue.ie/en/corporate/information-about-revenue/statistics/index.aspx.

Ba chóir aon fhiosruithe faoi staitisticí maidir leis an CLC a sheoladh chuig statistics@revenue.ie.
Tá tuilleadh eolais maidir le hoibriú na scéime CLC ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

ISSCOP
Irish Statistical System Code of Practice

## Iarratais agus Éilimh

Tá trí chéim i gceist leis an bpróiseas CLC ar líne.

### (1) Céim an Iarratais:

Déanann ceannaitheoirí céaduaire / féin-tógáil iarratas ar líne trí chórais moChúrsaí nó ROS na gCoimisinéirí Ioncaim.

Spreagann na Coimisinéirí Ioncaim iarratasóirí ionchasacha aon tuairisceáin chánach riachtanacha a thíolacadh, agus aon saincheisteanna atá fós gan réiteach a réiteach, sula ndéanann siad iarratas CLC. Tá sé seo amhlaidh toisc go mbraitheann an t-am próiseála le haghaidh iarratas ar an iarratasóir chun aon cheisteanna atá fós gan réiteach a réiteach agus an t-iarratas a chomhlánú.

Cuirtear Uimhir Iarratais agus achoimre ar an bhfaoiseamh uasta atá ar fáil dóibh faoin dreasacht ar fáil do cháiníocóirí comhlíontacha a chomhlánaíonn a n-iarratas CLC. Is féidir le soláthraí morgáiste, bróicéir, conraitheoir cáilitheach nó dlíodóir an achoimre seo a úsáid chun an faoiseamh atá ar fáil don iarratasóir a fhíorú, chun críocha morgáiste a cheadú nó a tharraingt anuas, nó chun conradh ceannaigh tí a shíniú.

In 2018, fuair na Coimisinéirí Ioncaim **7,799** iarratas CLC (gan iarratais a cuireadh ar ceal san áireamh).

### (2) Céim an Éilimh:

Ní rachaidh iarratais ar aghaidh go dtí an chéim éilimh ach amháin má chinn an t-iarratasóir ar mhaoin atá incháilithe don scéim a cheannach. Is minic go dteipeann ar iarratais leanúint chuig céim an éilimh toisc nach gceannaíonn an t-iarratasóir maoin, nó go gceannaíonn an t-iarratasóir maoin nach bhfuil incháilithe faoin scéim.

Is faoin iarratasóir atá sé an cinneadh a dhéanamh leanúint chuig céim an éilimh, nó cén uair a leantar chuig céim an éilimh. Is féidir le ceannaitheoirí céaduaire a n-éileamh a chur isteach a luaithe a shínítear conradh chun maoin a cheannach. I gcás féin-thógála, is féidir an t-éileamh a chur isteach tar éis tarraingt anuas an chéas tráinse den mhorgáiste.

Chun éileamh a dhéanamh ní mór don éilitheoir fianaise dhoiciméadach a dheimhniú agus a sholáthar maidir le sonraí na maoine, an praghas ceannaigh, dáta críochnaithe, morgáiste agus éarlais a íocadh. Féadtar an t-éileamh a thíolacadh ar líne ansin.

### (3) Céim Fíorúcháin

Nuair a chuirtear éileamh isteach, caithfidh an conraitheoir cáilitheach nó an dlíodóir atá ag gníomhú thar ceann an féin-thógálaí an fhaisnéis a thugtar a fhíorú. Ní féidir éilimh a cheadú agus a íoc go dtí go mbeidh an t-éileamh fíoraithe ag an gconraitheoir cáilitheach nó ag an dlíodóir. Tá an t-am a thógann sé seo lasmuigh de smacht na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ar na cúiseanna atá leagtha amach thuas, ní dócha go rachaidh go leor iarratais CLC ar aghaidh go dtí an chéim éilimh agus mar sin ní sholáthraíonn líon na n-iarratas bonn iontaofa chun costas dóchúil na scéime a mheas.

In 2018, ceadaíodh **4,971** éileamh CLC. Tá luach iomlán na n-éileamh faofa CLC in 2018 in ord **€73.27 milliún**, agus is éilimh shiarghabhálacha iad **€1.47 milliún** díobh sin (don tréimhse 19 Iúil go 31 Nollaig 2016). In 2018, b'ionann meánluach maoine na n-éileamh CLC ceadaithe agus **€315,700.**

# Iarratais

| Mí | Líon in 2018 |
|---|---|
| Eanáir | 1,395 |
| Feabhra | 1,033 |
| Márta | 908 |
| Aibreán | 892 |
| Bealtaine | 612 |
| Meitheamh | 506 |
| Iúil | 493 |
| Lúnasa | 413 |
| Meán Fómhair | 392 |
| Deireadh Fómhair | 511 |
| Samhain | 412 |
| Nollaig | 232 |
| **Iomlán** | **7,799** |

Tugtar briseadh síos sa tábla thuas ar iarratais CLC in 2018, bunaithe ar dháta tosaithe an iarratais. Áirítear sa tábla iarratais fhaofa agus ar feitheamh* ach ní áirítear iarratais a cuireadh ar ceal.

*Ar feitheamh, ciallaíonn sé go gcaithfidh na hiarratasóirí tuairisceán amuigh a thíolacadh nó aghaidh a thabhairt ar shaincheist comhlíontachta, go bhfuil an t-iarratas le hathbhreithniú ag cásoibrí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, nó caithfidh an t-iarratasóir a (h)iarratas a thabhairt chun críche.

## Éilimh Cheadaithe

| Mí | Éilimh a ceadaíodh | Iarratasóirí |
|---|---|---|
| Eanáir | 350 | 628 |
| Feabhra | 365 | 666 |
| Márta | 400 | 740 |
| Aibreán | 397 | 728 |
| Bealtaine | 463 | 841 |
| Meitheamh | 445 | 843 |
| Iúil | 431 | 803 |
| Lúnasa | 418 | 790 |
| Meán Fómhair | 391 | 729 |
| Deireadh Fómhair | 443 | 833 |
| Samhain | 515 | 957 |
| Nollaig | 353 | 647 |
| **Iomlán** | **4,971** | **9,205** |

Tá briseadh síos míosúil sa tábla thuas ar éilimh fhaofa CLC agus ar líon na n-iarratasóirí a bhaineann leis na héilimh sin, in 2018.

| Cineál Tógála | Líon | % den Iomlán |
|---|---|---|
| Ceannaithe | 3,898 | 78.41% |
| Féin-tógáil | 1,073 | 21.59% |
| **Iomlán** | **4,971** | **100%** |

Tá briseadh síos sa tábla thuas ar líon iomlán na n-éileamh CLC ceadaithe in 2018, de réir chineál tógála.

| An Méid a Éilíodh | Líon | % den Iomlán |
|---|---|---|
| €0 - €4,999 | 109 | 2.19% |
| €5,000 - €9,999 | 553 | 11.12% |
| €10,000 - €14,999 | 1,690 | 34.00% |
| €15,000 - €19,999 | 1,925 | 38.72% |
| €20,000 | 694 | 13.96% |
| **Iomlán** | **4,971** | **100%** |

Tá briseadh síos sa tábla thuas ar na méideanna éilithe in éilimh CLC faofa in 2018.

| Luach Maoine: | €0-€225k | | €226-€300k | | €301-€375k | | €376-€450k | | Os cionn €450k | | Gach Luach | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % |
| **Ráithe 1** | 155 | 13.90% | 336 | 30.13% | 400 | 35.87% | 136 | 12.20% | 88 | 7.89% | 1,115 | 100% |
| **Ráithe 2** | 148 | 11.34% | 435 | 33.33% | 464 | 35.56% | 178 | 13.64% | 80 | 6.13% | 1,305 | 100% |
| **Ráithe 3** | 158 | 12.74% | 399 | 32.18% | 419 | 33.79% | 174 | 14.03% | 90 | 7.26% | 1,240 | 100% |
| **Ráithe 4** | 171 | 13.04% | 422 | 32.19% | 450 | 34.32% | 189 | 14.42% | 79 | 6.03% | 1,311 | 100% |
| **Iomlán** | 632 | 12.71% | 1,592 | 32.03% | 1,733 | 34.86% | 677 | 13.62% | 337 | 6.78% | 4,971 | 100% |

Tá briseadh síos sa tábla thuas ar luach na maoine d'éilimh CLC a ceadaíodh in 2018, de réir ráithe.

| Cóimheas idir Iasacht agus Luach: | 70%-74.99% | | 75%-79.99% | | 80%-84.99% | | 85%-89.99% | | Os cionn 89.99 % | | Gach Maoin | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % |
| **Ráithe 1** | 174 | 15.61% | 163 | 14.62% | 159 | 14.26% | 243 | 21.79% | 376 | 33.72% | 1,115 | 100.00 |
| **Ráithe 2** | 181 | 13.87% | 164 | 12.57% | 196 | 15.02% | 309 | 23.68% | 455 | 34.87% | 1,305 | 100.00 |
| **Ráithe 3** | 167 | 13.47% | 140 | 11.29% | 206 | 16.61% | 296 | 23.87% | 431 | 34.76% | 1,240 | 100.00 |
| **Ráithe 4** | 213 | 16.25% | 141 | 10.76% | 192 | 14.65% | 297 | 22.65% | 468 | 35.70% | 1,311 | 100.00 |
| **Iomlán** | 735 | 14.79% | 608 | 12.23% | 753 | 15.15% | 1,145 | 23.03% | 1,730 | 34.80% | 4,971 | 100.00 |

Tá miondealú ráithiúil sa tábla thuas ar an gcóimheas idir iasacht agus luach maoine ar ceadaíodh éilimh CLC ina leith in 2018. Is ionann an cóimheas idir an iasacht le luach agus méid an mhorgáiste mar chéatadán de luach ceannaigh an tí nó an árasáin. Chun leas a bhaint as dreasacht CLC, caithfidh an cóimheas idir an iasacht le luach a bheith 70% nó níos mó.

| Contae | R1 2018 | R2 2018 | R3 2018 | R4 2018 | Iomlán 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ceatharlach** | 12 | S | 12 | <10 | 44 |
| **An Cabhán** | <10 | <10 | 12 | 11 | 40 |
| **An Clár** | 15 | 25 | 22 | 15 | 77 |
| **Contae Chorcaí** | 113 | 122 | 155 | 153 | 543 |
| **Dún na nGall** | <10 | 15 | S | 17 | 48 |
| **Baile Átha Cliath** | 412 | 440 | 363 | 376 | 1,591 |
| **Gaillimh** | 47 | 52 | 52 | 59 | 210 |
| **Ciarraí** | S | <10 | 11 | 13 | 41 |
| **Cill Dara** | 110 | 137 | 122 | 119 | 488 |
| **Cill Chainnigh** | S | 11 | <10 | 15 | 44 |
| **Laois** | 18 | 22 | 23 | 28 | 91 |
| **Liatroim** | <10 | <10 | <10 | <10 | 15 |
| **Luimneach** | 25 | 44 | 32 | 48 | 149 |
| **An Longfort** | <10 | <10 | <10 | <10 | 18 |
| **Lú** | 26 | 45 | 52 | 59 | 182 |
| **Maigh Eo** | 17 | 23 | 18 | 24 | 82 |
| **An Mhí** | 134 | 162 | 164 | 141 | 601 |
| **Muineachán** | <10 | S | 14 | 14 | 44 |
| **Uíbh Fhailí** | 11 | <10 | <10 | 16 | 40 |
| **Ros Comáin** | <10 | <10 | 11 | <10 | 31 |
| **Sligeach** | 14 | <10 | S | 10 | 40 |
| **Tiobraid Árann** | 24 | 11 | 21 | 22 | 78 |
| **Port Láirge** | 21 | 29 | 24 | 36 | 110 |
| **An Iarmhí** | 17 | 18 | 20 | 16 | 71 |
| **Loch Garman** | 12 | 31 | 23 | 28 | 94 |
| **Cill Mhantáin** | 39 | 50 | 45 | 65 | 199 |
| **Gach Éileamh** | 1,115 | 1,305 | 1,240 | 1,311 | 4,971 |

Tá briseadh síos geografach sa tábla thuas ar shuíomh na maoine ar ceadaíodh éilimh CLC ina leith in 2018.

Tabhair do d'aire: I gcásanna ina bhfuil líon na n-éileamh níos lú ná 10, cuirtear é seo i láthair mar '<10' sa tábla thuas. Ní féidir an uimhir bheacht a sholáthar, de réir oibleagáid na gCoimisinéirí Ioncaim rúndacht cáiníocóirí a chosaint. Go gaolmhar, i gcásanna ina gceadódh soláthar cruinn líon na n-éileamh do gach ceathrú eile luach a aithint arna léiriú mar '<10' cuirtear an ráithe leis an gcéad líon is ísle éileamh (níos mó ná 10) faoi chois agus cuirtear i láthair é mar 'S' sa tábla thuas.

| Contae | R1 2018 | R2 2018 | R3 2018 | R4 2018 | Iomlán 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ceatharlach** | 0.14 | 0.11 | 0.14 | 0.13 | 0.52 |
| **An Cabhán** | 0.07 | 0.10 | 0.14 | 0.15 | 0.46 |
| **An Clár** | 0.16 | 0.32 | 0.29 | 0.20 | 0.97 |
| **Contae Chorcaí** | 1.72 | 1.85 | 2.31 | 2.31 | 8.19 |
| **Dún na nGall** | 0.06 | 0.17 | 0.12 | 0.19 | 0.54 |
| **Baile Átha Cliath** | 6.71 | 7.43 | 6.08 | 6.23 | 26.45 |
| **Gaillimh** | 0.59 | 0.67 | 0.71 | 0.76 | 2.73 |
| **Ciarraí** | 0.14 | 0.08 | 0.14 | 0.15 | 0.51 |
| **Cill Dara** | 1.75 | 2.24 | 1.96 | 1.90 | 7.85 |
| **Cill Chainnigh** | 0.12 | 0.15 | 0.14 | 0.19 | 0.60 |
| **Laois** | 0.21 | 0.23 | 0.28 | 0.35 | 1.07 |
| **Liatroim** | 0.03 | 0.04 | 0.03 | 0.05 | 0.15 |
| **Luimneach** | 0.33 | 0.62 | 0.43 | 0.64 | 2.02 |
| **An Longfort** | 0.02 | 0.05 | 0.07 | 0.11 | 0.25 |
| **Lú** | 0.33 | 0.52 | 0.54 | 0.73 | 2.12 |
| **Maigh Eo** | 0.25 | 0.29 | 0.23 | 0.29 | 1.06 |
| **An Mhí** | 1.93 | 2.29 | 2.41 | 2.02 | 8.65 |
| **Muineachán** | 0.06 | 0.14 | 0.17 | 0.20 | 0.57 |
| **Uíbh Fhailí** | 0.12 | 0.07 | 0.07 | 0.22 | 0.48 |
| **Ros Comáin** | 0.05 | 0.12 | 0.13 | 0.09 | 0.39 |
| **Sligeach** | 0.17 | 0.06 | 0.10 | 0.10 | 0.43 |
| **Tiobraid Árann** | 0.28 | 0.12 | 0.27 | 0.25 | 0.92 |
| **Port Láirge** | 0.22 | 0.33 | 0.28 | 0.46 | 1.29 |
| **An Iarmhí** | 0.19 | 0.23 | 0.23 | 0.21 | 0.86 |
| **Loch Garman** | 0.14 | 0.40 | 0.27 | 0.33 | 1.14 |
| **Cill Mhantáin** | 0.60 | 0.71 | 0.71 | 1.01 | 3.03 |
| **Gach Éileamh** | 16.39 | 19.37 | 18.25 | 19.26 | 73.27 |

Tá briseadh síos geografach sa tábla thuas ar mhéid an éilimh (€m) na maoine ar ceadaíodh éilimh CLC ina leith in 2018.